



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0272(COD)

12429/22
ADD 6

CYBER 298
JAI 1181
DATAPROTECT 254
TELECOM 369
MI 665
CSC 388
CSCI 133
CODEC 1310
IA 133

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	15 Meán Fómhair 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2022) 283 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR maidir leis an nGníomh um Chibear-athléimneacht a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí a bhfuil eilimintí digiteacha acu agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 283 final.

Faoi iamh: SWD(2022) 283 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.9.2022
SWD(2022) 283 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ
TIONCHAIR**

maidir leis an nGníomh um Chibear-athléimneacht

a ghabhann leis an doiciméad

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí a bhfuil
eilimintí digiteacha acu agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020**

{COM(2022) 454 final} - {SEC(2022) 321 final} - {SWD(2022) 282 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin (2 leathanach ar a mhéad)
Measúnú tionchair ar an nGníomh um Chibear-athléimneacht (CRA)
A. An gá atá le beart
Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?
Is minic a bhíonn cibear-ionsaithe rathúla roimh táirgí crua-earraí agus bogearraí, rud a fhágann go meastar costas bliantúil domhanda EUR 5.5 trilliún a bheith i gceist leis an gcibearchoireacht faoi 2021. Tá na táirgí seo thíos le dhá mhórfhadhb a chuireann costais ar úsáideoirí agus ar an tsochaí: (1) leibhéal íseal cibearshlándála, arna léiriú le leochaileachtaí forleathana agus soláthar neamhleor agus neamhréireach nuashonruithe slándála chun aghaidh a thabhairt orthu, agus (2) tuiscint neamhleor agus rochtain neamhleor ar fhaisnéis ag úsáideoirí, rud a chuireann cosc orthu táirgí a bhfuil gnéithe cuí cibearshlándála acu a roghnú nó iad a úsáid ar bhealach slán. Tá gné láidir thrasteorann ag baint le cibearshlándáil táirgí a bhfuil eilimintí digiteacha acu, ós rud é gur minic a úsáidtear táirgí a mhonaraítear i dtír amháin ar fud an mhargaidh inmheánaigh. Ina theannta sin, is minic a scaiptear teagmhais a dhéanann difear d'eintiteas aonair nó do Bhallstát aonair laistigh de mhiontuairiscí ar fud an mhargaidh inmheánaigh ina iomláine. Cé go bhfuil feidhm ag reachtaíocht an mhargaidh inmheánaigh atá ann cheana maidir le táirgí áirithe a bhfuil eilimintí digiteacha acu, ní chumhdaítear formhór na dtáirgí crua-earraí agus bogearraí faoi láthair le haon reachtaíocht de chuid an Aontais a théann i ngleic lena gcibearshlándáil. Go háirithe, ní thugann creat dlíthiúil reatha an Aontais aghaidh ar chibearshlándáil bogearraí neamhleabaithe, fiú má dhírítear níos mó agus níos mó ar leochaileachtaí sna táirgí sin le hionsaithe cibearshlándála, rud a chruthaíonn costais shuntasacha sochaíocha agus eacnamaíocha. Samplaí le déanaí ná earraí spaireachta Pegasus, a bhain leas as leochaileachtaí i bhfóin phóca, nó bogearraí éirice WannaCry, a bhain leas as leochaileacht Windows agus a d'imir tionchar ar ríomhairí ar fud an domhain.
Cad é ba cheart a bhaint amach?
Sainaithníodh dhá phríomhchuspóir a raibh sé mar aidhm leo feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú: (1) dálaí a chruthú chun táirgí slána ag a bhfuil eilimintí digiteacha a fhorbairt trína áirithiú go gcuirfear táirgí crua-earraí agus bogearraí ar an margadh ar lú iad líon na leochaileachtaí a bhíonn acu agus trína áirithiú go nglacfaidh monaróirí cúrsaí slándála go dáiríre ar feadh saolré táirge; agus (2) dálaí a chruthú a ligfidh d'úsáideoirí an chibearshlándáil a chur san áireamh agus táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha á roghnú agus á n-úsáid acu. Leagadh amach ceithre chuspóir shonracha: (i) a áirithiú go gcuirfidh monaróirí feabhas ar shlándáil táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ó chéim an deartha agus na forbartha agus ar feadh na saolré ar fad; (ii) creat cibearshlándála comhleanúnach a áirithiú, lena n-éascófar comhlíonadh do mhonaróirí crua-earraí agus bogearraí; (iii) feabhas a chur ar thrédhearcacht airíonna slándála táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, agus (iv) a chur ar chumas gnólachtaí agus tomhaltóirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a úsáid go slán.
Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?
De bharr chineál láidir trasteorann na cibearshlándála agus na dteagmhas atá ag dul i méid a bhfuil éifeachtaí iarmharta acu thar theorainneacha, earnálacha agus táirgí, ní féidir leis na Ballstáit na cuspóirí a bhaint amach go héifeachtach ina n-aonar. I bhfianaise chineál domhanda na margaí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, tá na rioscaí céanna le sárú ag na Ballstáit don táirge céanna ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar a gcíoch. Tá baol ann freisin go gcuirfí bac ar mhargadh aonair oscailte iomaíoch le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, creat atá ag teacht chun cinn ina mbeadh rialacha náisiúnta

éagsúla a d'fhéadfadh a bheith éagsúil. Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht chomhpháirteach ar leibhéal an Aontais chun an leibhéal muiníne i measc úsáideoirí agus tarraingteacht na dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar mhargadh an Aontais. Rachadh sé chun tairbhe an mhargaidh inmheánaigh freisin trí dheimhneacht dhlíthiúil a sholáthar agus trí chothrom iomaíochta a bhaint amach do mhonaróirí táirgí a bhfuil eilimintí digiteacha acu.
B. Réitigh
Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?
Rinneadh anailís ar cheithre rogha beartais agus ar na foroghanna gaolmhara sa bhreis ar an <i>status quo</i>: (1) cur chuige na reachtaíochta boige agus bearta deonacha; (2) idirghabháil rialála <i>ad hoc</i> táirgeshonrach le haghaidh cibearshlándaíl táirgí inláimhsithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus bogearraí leabaithe faoi seach; (3) cur chuige measctha, lena n-áirítear rialacha éigeantacha cothrománacha maidir le cibearshlándaíl táirgí inláimhsithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus bogearraí leabaithe faoi seach agus cur chuige céimnithe le haghaidh bogearraí neamhleabaithe, le dhá fhorogha le haghaidh measúnú comhréireachta; agus (4) idirghabháil rialála chothrománach lena dtugtar isteach ceanglais chibearshlándaála le haghaidh raon feidhme leathan táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear bogearraí neamhleabaithe, le foroghanna maidir leis an raon feidhme, agus maidir le measúnú comhréireachta. Baineadh de thátal as an Measúnú Tionchair gurb í rogha 4 an rogha thosaíochta lena gcumhdaítear gach táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena ndéantar foráil maidir le measúnú tríú páirtí éigeantach le haghaidh táirgí criticiúla, bunaithe ar an measúnú ar éifeachtacht i gcoinne na gcuspóirí sonracha, éifeachtúlacht na gcostas i gcoinne tairbhí, agus ar chomhsheasmhacht.
Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé a thacaíonn leis na roghanna éagsúla?
Nuair a iarradh orthu éifeachtacht na n-idirghabhálacha beartais a mheas, d'aontaigh freagróirí an chomhairliúcháin phoiblí gurb í rogha 4 an beart is éifeachtaí (4.08 ar scála ó 1 go 5). Áirítear leis sin eagraíochtaí tomhaltóirí (5.00), freagróirí a shainaithníonn iad féin mar úsáideoirí (4.22), comhlachtaí dá dtugtar fógra (4.17), údarais um fhaireachas margaidh (5.00) agus monaróirí táirgí a bhfuil eilimintí digiteacha acu (3.85), lena n-áirítear táirgí beaga agus meánmhéide (4.05).
C. Tionchar na rogha tosaíochta
Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?
Bheadh buntáistí suntasacha ag baint leis an rogha thosaíochta do na páirtithe leasmhara éagsúla. I gcás gnólachtaí, chuirfeadh sé cosc ar rialacha slándála éagsúla le haghaidh táirgí a bhfuil eilimintí digiteacha acu agus laghdófaí na costais chomhlíontachta le haghaidh reachtaíocht chibearshlándaála ghaolmhar. Laghdódh sé líon na gcibeartheagmhas, costais láimhseála teagmhas agus damáiste do chlú. Mar thoradh ar an tionscnamh, meastar go bhféadfadh méid idir EUR 180 billiún agus 290 billiún in aghaidh na bliana a bheith i gceist leis an laghdú ar chostais ó theagmhais a imríonn tionchar ar ghnólachtaí. Ina theannta sin, bheadh láimhdeachas méadaithe mar thoradh ar an tionscnamh mar gheall ar ghlacadh méadaitheach táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Chuirfeadh sé feabhas freisin ar chlú domhanda na gcuideachtaí as a dtiocfadh glacadh éilimh ó lasmuigh den Aontas. I gcás úsáideoirí deiridh, chuirfeadh an rogha thosaíochta feabhas ar thrédhearcacht na n-airíonna slándála agus d'éascódh sí úsáid táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Bhainfeadh tomhaltóirí agus saoránaigh tairbhe freisin as cosaint níos fearr a thabhairt

dá gcearta bunúsacha, amhail príobháideachas agus cosaint sonraí.
Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh, murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?
Chuirfeadh an rogha tosaíochta costais chomhlíonta agus forfheidhmiúcháin ar ghnólachtaí, ar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra agus ar údaráis phoiblí, lena n-áirítear údaráis a thugann fógra, údaráis chreidiúnaithe agus údaráis um fhaireachas margaidh. I gcás forbróirí bogearraí agus monaróirí cruaearraí, méadóidh sé na costais chomhlíontachta dhíreacha a bhaineann le ceanglais nua chibearshlándála, measúnú comhréireachta, doiciméadú agus oibleagáidí tuairiscithe, as a dtiocfaidh costais chomhlíontachta chomhiomlánaithe suas le EUR 29 mbilliún i dtaca le luach measta margaidh le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena mbaineann láimhdeachas ar fiú suas le EUR 1 485 bhilliún é. D'fhéadfadh sé go mbeadh praghsanna níos airde ar tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha d'úsáideoirí deiridh, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh gnó, tomhaltóirí agus saoránaigh. Mar sin féin, ba cheart iad sin a fheiceáil i gcomhthéacs na dtairbhí suntasacha a ndéantar cur síos orthu thuas. Maidir le comhlachtaí dá dtugtar fógra, táthar ag súil go gcúiteofar na costais bhreise le méadú ar láimhdeachas.
Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?
Beidh tionchar ag na ceanglais nua ar FBManna mar mhonaróirí agus úsáideoirí deiridh araon. Maidir le costais chomhlíonta, i bprionsabal, is mó a dhéanfaí difear do FBManna ná cuideachtaí móra a mbíonn barainneachtaí scála níos fearr agus feasacht ar chibearshlándáil níos fearr acu de ghnáth. Mar sin féin, bhainfeadh FBManna tairbhe mhór as an tionscnamh, ós rud é go mbeadh an chibearshlándáil atá leabaithe i dtáirgí a bhfuil eilimintí digiteacha acu ina spáráil shuntasach ar chostais do FBManna mar úsáideoirí. Mar mhonaróirí, bhainfeadh FBManna tairbhe as muinín níos mó ó úsáideoirí deiridh agus as custaiméirí nua. D'fhéadfadh rochtain rianúil ar an margadh inmheánach agus laghdú ar ilroinnt an mhargaidh a bheith níos tairbhiúla fós do FBManna, ós rud é nach bhfuil an cumas céanna acu chun ceanglais rialála éagsúla a láimhseáil. Agus béim á leagan acu ar an ngá atá le cur chuige comhréireach agus le bearta tacaíochta, thacaigh FBManna go ginearálta le cothrom na Féinne idir na cuideachtaí uile agus níor chreid siad go mbeidís faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le cuideachtaí móra i gcás ceanglais éigeantacha chothrománacha.
An mbeidh tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?
Beidh tionchar ag an tionscnamh ar údaráis náisiúnta, amhail údaráis náisiúnta a thugann fógra, údaráis chreidiúnaithe agus údaráis um fhaireachas margaidh a bhfuil sé de fhreagracht orthu monatóireacht a dhéanamh ar na bearta atá beartaithe agus iad a fhorfheidhmiú. Déanfaidh na húdaráis sin coigeartú breise (e.g. oiliúint agus acmhainní daonna) agus costais forfheidhmiúcháin chun na ceanglais nua a chur san áireamh. Déantar na hacmhainní a chaitheann comhlachtaí creidiúnaithe a fhritháireamh agus a iompar den chuid is mó ag comhlachtaí measúnaithe comhréireachta trí sheirbhísí creidiúnaithe a cheannach.
An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?
Ní mheastar go mbeidh aon tionchar mór diúltach eile ann. Chuideodh an rogha beartais tosaíochta le líon agus déine na dteagmhas a laghdú, lena n-áirítear sárúithe ar shonraí pearsanta agus bheadh tionchair shóisialta dhearfacha aici amhail an chibearchoireacht a laghdú. Is dócha go dtiocfaidh fás ar an éileamh ar ghairmithe slándála agus leis sin laghdófaí neamhshiméadrachtaí faisnéise cibearshlándála.
An chomhréireacht?
Ní théann an rogha tosaíochta thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sonracha sin a ghnóthú go sásúil.

D'áiritheofaí leis an idirghabháil go ndéanfaí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a áirithiú ar feadh a saolré ar fad agus go comhréireach leis na rioscaí atá os a gcomhair.

D. Beart leantach

Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?

Laistigh de [36 mhí] tar éis dháta chur i bhfeidhm an tionscnaimh seo agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar mheastóireacht agus athbhreithniú an tionscnaimh seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle.